

FOIRM RÁITIS TACAÍOCHTA DON TIONSCNAMH Ó NA SAORÁNAIGH:<sup>(0)</sup> Tionscnamh de chuid na sochaí sibhialta maidir le toirmeasc ar chleachtais ollfhaireachais bhithmhéadraigh

1. Gach sínitheoir ar an bhfoirm seo, is saoránach é de chuid: Éire

2. Uimhir chlárúcháin an Choimisiúin Eorpaigh: ECI(2021)000001

3. Dáta tosaithe agus dáta deiridh na tréimhse bailiúcháin: 17/02/2021 - 01/08/2022

4. Seoladh gréasáin an tionscnaimh seo ar chlár an Choimisiúin Eorpaigh: <https://europa.eu/citizens-initiative/public/initiatives/details/2021/000001>

5. Teideal an tionscnaimh seo: Tionscnamh de chuid na sochaí sibhialta maidir le toirmeasc ar chleachtais ollfhaireachais bhithmhéadraigh

6. Cuspóirí an tionscnaimh: Iarraimid ar an gCoimisiún Eorpach rialú docht a dhéanamh ar úsáid teicneolaíochtaí bithmhéadracha ionas nach gcuirfeadh isteach go míchuí ar chearta bunúsacha. Iarraimid go sonrach ar an gCoimisiún cosc a chur, i ndlí agus i gcleachtas, ar úsáidí neamh-idirdhealaitheacha nó ar úsáidí spriocdhírthe treallacha na bithmhéadrachta a bhféadfadh ollfhaireachas neamhdhleathach a bheith mar thoradh orthu. Ní ceart d'eintitis phoiblí ná phríobháideacha na córais chunóir sin a fhorbairt, a chur in úsáid (fiú ar bhonn trialach) ná a úsáid ar an ábhar go bhféadfaid siad cur isteach go neamhriachtanach nó go díréireach ar chearta bunúsacha daoine. Léiríonn an fhianaise gur eascair sárúithe ar dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí as úsáidí ollfhaireachais bhithmhéadraigh sna Ballstáit agus ag gníomhaireachtaí an Aontais, agus gur chuir na húsaídí sin srian míchuí ar chearta daoine, lena n-áirítear a bpríobháideacht, an ceart chun saoirse cainte, an ceart chun agóid a dhéanamh agus an ceart nach ndéanfar idirdhealú ar dhuine. An úsáid fhorleathan a bhaintear as faireachas bithmhéadrach, as próifíliú agus as córais tuair, is bagairt í ar an smacht reachta agus ar na saoirsí is bunúsáí atá againn. Dá bhrí sin, sa tionscnamh Eorpach seo ó na saoránaigh, impímid ar an gCoimisiún gníomh dlí a mholadh a chuirfidh leis na toirmisc ghinearálta atá sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus sa Treoir maidir le cosaint sonraí i réimse fhorfheidhmiú an dlí (LED), agus a urramóidh go hiomlán iad, lena chinntiú go mbeidh toirmeasc sonrach soiléir ar an ollfhaireachas bithmhéadrach faoi dhlí an Aontais.

7. Ainmneacha agus seoltaí ríomhphoist na ndaoine teagmhála cláraithe: Diego Javier NARANJO BARROSO ([diego.naranjo@edri.org](mailto:diego.naranjo@edri.org)), Riccardo COLUCCINI ([riccardo.coluccini@hermescenter.org](mailto:riccardo.coluccini@hermescenter.org))

8. Súfomh gréasáin an tionscnaimh seo (más ann dó): <https://reclaimyourface.eu/>

LE COMHLÁNÚ AG NA SÍNITHEOIRÍ I gCEANNLITREACHA - Tá gach réimse ar an bhfoirm seo éigeantach.

"Deimhním leis seo go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam san fhoirm seo ceart agus nár thacaigh mé leis an tionscnamh seo cheana."

CÉADAINMNEACHA IOMLÁNA	SLOINNTE	ÁIT CHÓNAITHE (sráid, uimhir, cód poist, cathair, tír)	DÁTA BREITHE	DÁTA	SÍNÍÚ

<sup>(0)</sup> Clófar an fhoirm ar bhileog amháin. Féadfaidh grúpa d'eagraithe bileog dhéthaobhach a úsáid. Úsáidfeadh cód arna chur ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach chun críche na ráitis tacaíochta a bailiú i bhfoirm páipéir a uaslódáil go dtí an lárchóras bailithe ar líne.

**Ráiteas próbháideachais:** I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), ní úsáidfeadh do chuid sonraí pearsanta a sholáthróidh tú ar an bhfoirm seo ach amháin chun tacú leis an tionscnamh agus cuirfeadh ar fáil iad do na húdaráis náisiúnta inniúla iad chun críche fíorú agus deimhníu amháin. Tá tú i dteideal a iarraidh ar ghrúpa d'eagraithe an tionscnaimh seo rochtain a fháil ar do chuid sonraí pearsanta, mar aon leis na sonraí sin a cheartú, a scriosadh agus a bpróiseáil a shrianadh. Déanfaidh grúpa d'eagraithe do chuid sonraí a stóráil ar feadh tréimhse uasta coinneála de 1 mhí amháin tar éis an tionscnaimh a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh nó 21 mhí tar éis thús na tréimhse bailiúcháin, cibé acu is túisce. Féadfaidh iad a choinneáil níos faide ná na teorainneacha ama sin i gcás imeachtaí riaracháin nó dlí, is é sin ar feadh 1 mhí amháin ar a mhéad tar éis na himeachtaí sin a thabhairt i gcrích. Gan dochar d'aon réiteach riaracháin ná breithiúnach eile, beidh an ceart agat gearán a thaisceadh le húdaráis cosanta sonraí am ar bith, go háirithe sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchóirí ort, san ionad oibre nó in áit an tsáraithe a liomhaítear, má mheasann tú go ndéanadh do shonraí a phróiseáil go neamhdhleathach. Is é ionadaí ghrúpa d'eagraithe an tionscnaimh nó, de réir mar is iomchuí, an t-eintiteas dlíthuúil a chruthaigh siad, an rialaitheoir de réir bhri an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus is féidir teagmháil a dhéanamh trí na sonraí a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm seo. Tá sonraí teagmhála an oifigeigh cosanta sonraí (más ann dó) ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscnaimh seo i gclár an Choimisiúin Eorpaigh, dá bforáilítear i bpointe 4 den bhfoirm seo. Is féidir teacht ar shonraí teagmhála an údaráis náisiúnta a gheobhaidh agus a phróiseálfadh do shonraí pearsanta agus sonraí teagmhála na n-údarás náisiúnta cosanta sonraí anseo: <http://ec.europa.eu/citizens-initiative/public/data-protection?lg=ga>.